# CAIBIDIL 33

## TUAISCEART na hEORPA

### Leathann an Renaissance

Bhí intleachtóirí thuaisceart na hEorpa amhrasach riamh faoi phoimp agus mhóiréis na Róimhe. Fiú sula bhfuair an Reifirméisean féin cos i dtaca, is saol simplí diaganta a chaitheadh na daoine sna tíortha sin. Ní haon iontas go raibh réabhlóid in éadan údarás an Phápa ar na bacáin. Creideadh go forleathan go dtiocfadh lá an Bhrátha le deireadh an 15ú haois. Ina theannta sin, bhíothas go mór in ísle brí faoin droch-chaoi ina raibh cúrsaí an tsaoil.

Ó Desiderius Erasmus, scríbhneoir Gearmánach, a tháinig an tuairim go raibh an saol spioradálta faoi ionsaí. Daonnachtaí agus scoláire ba ea Desiderius. Níorbh ionann daonnachas an tuaiscirt agus daonnachas na hIodáile, áfach. Bhí fonn láidir ar dhaonnachtaigh an tuaiscirt an Eaglais a athleasú. Cé gur fhan Desiderius ina Chaitliceach dílis deabhóideach bhí síol na corraíle ina chuid scríbhinní ón tús. Spreag sé smaointeoirí agus cléirigh eile chun labhairt amach go neamhbhalbh agus a mísháshamh a chur in iúl. Scaip na smaointe sin go tapa i measc lucht léinn mar gheall ar nuatheicneolaíocht an chlóphreasa.

### Albrecht Dürer (1471 - 1528)

Bhí cosúlachtaí go leor ann idir an t-ealaíontóir Albrecht Dürer agus Erasmus. Fear léannta ba ea Dürer a raibh mórán taistil déanta aige. Bhí seal caite san Iodáil aige agus d'imir ealaín na tíre sin tionchar an-mhór air. B'amhlaidh a bhí sé in éad le healaíontóirí na hIodáile faoin stádas ardchéimiúil a bhí acu sa tír. Chuir sé suim in an-chuid gnéithe d'ealaín na tíre sin, ach níor thréig sé a stíl ná a dhearcadh féin.



Tá sraith d'fhéinphortráidí i measc shaothar Dürer. Phéinteáil sé an chéad íomhá de féin nuair a bhí sé 22 bliain d'aois (fíor 32.1). Agus é 26 bliain d'aois rinne sé ceann eile a léirigh gur duine caol uasaicmeach lán de mhuinín as féin a bhí ann. Tá cataíl curtha ina chuid gruaige agus tá sé gléasta de réir fhaisean na Veinéise i seaicéad galánta, dubhchiumhaiseach. Faoin seaicéad, tá léine bhán phléatach a bhfuil bróidnéireacht déanta ar imeall a muiníl. Oireann a hata stríocach don seaicéad agus mar bharr mhaise ar a chulaith shómasach tá lámhainní leathair áille air, rud a thugann le fios nach sclábhaí é féin. Ní raibh aon ghlacadh in aon chor ag Dürer le dearcadh na nGearmánach gur ceardaithe uirísle a bhí sna healaíontóirí. B'in a thug air íomhá a phéinteáil de féin agus é ina bhall den uaisleacht. Tagairt is ea an radharc sléibhe ón bhfuinneog amach don seal a chaith sé san Iodáil, léiriú eile nárbh aon tuathánach aineolach é Dürer ach ealaíontóir a bhí teann as a mhórbhua féin.

#### Na féinphortáidí

Sa tríú féinphortráid, agus an ceann is áille acu b'fhéidir, tá 28 bliain d'aois slánaithe ag Dürer. Feictear é agus a chuid gruaige ina slaoda leis, é ag stánadh idir an dá shúil ar an mbreathnóir (fíor 33.3). Íomhá ghruama d'fhear léannta atá ann, nó leagan Gearmánach de Leonardo da Vinci, fiú amháin. Ach sin a bhfuil de ghaol ag an íomhá sin leis an Iodáil, nó tá cráifeacht an tuaiscirt inti go smior.



Fíor 33.1 FÉIN-PHORTRÁID AGUS É 22, ALBRECHT DÜRER, MUSEO DEL PRADO, MADRID.



FÍOR 33.2 FÉIN-PHORTRÁID AGUS É 26, Albrecht Dürer, Museo del Prado, Madrid.



FÍOR 33.3 FÉIN-PHORTRÁID AGUS FALLAING BÓNA FIONNAIDH AIR, Albrecht Dürer, Alte Pinakothek, Munich

Den chéad uair riamh agus ó shin i stair na healaíne, déanann an íomhá aithris ar aghaidh Chríost. In ealaín na meánaoiseanna déanacha ba é an nós traidisiúnta é Íosa a léiriú agus é ag stánadh amach roimhe, a chuid gruaige scartha i lár a chinn agus í ag titim thar a ghuaillí. Phéinteáil Dürer íomhá - macasamhail de Chríost - d'aon turas, agus a lámh in airde aige mar bheannú. Níorbh aon chomhartha sotail ná diamhasla uaidh an méid sin, áfach. Dearbhú creidimh a bhí ann: ba é Críost mac Dé agus ba é Dia a chruthaigh an duine. Féirín ó Dhia aige féith na healaíne agus is é dualgas an duine é machnamh a dhéanamh ar shampla Chríost.

## An Ghreanadóireacht adhmaid

Dála Erasmus, bhí Dürer ina mháistir ar nuatheicneolaíocht na clódóireachta agus ba pháirt mhór dá chuid oibre an ghreanadóireacht adhmaid. Ag an am sin ba é dearcadh an phobail go raibh Lá an Bhrátha ar na bacáin. Ba é freagra Dürer ar an dearcadh sin ná sraith de 15 ghreanadh adhmaid a bhunú ar radharc as Apacailipsis Eoin. Chuaigh na priontaí móra samhlaíocha sin i gcion go mór ar an bpobal. Níor léiríodh a leithéid riamh roimhe sin, agus is iad atá cumhachtach. Nuair a bhristear na chéad cheithre shéala scaoiltear na marcaigh amach agus tugann siad leo plá, cogadh, gorta agus bás (Apacailipsis Eoin, 1-10).

Tá bogha ag an gcéad mharcach, an Buaiteoir, ina dhiaidh sin tagann Cogadh agus claíomh ina lámh aige. Is é Gorta an tríú marcach agus tá péire scálaí á n-iompar aige. Ar deireadh tagann an Bás, agus é ar muin capall báiteach bán. Sna salaí orthu sin tagann Háidéas, ina ollphéist ghránna. Radann na marcaigh gan taise ar an domhan seo. Tá aingeal díoltasach sa spéir á ngríosú agus déantar na daoine mí-ámharacha a shatailt faoi chrúba a gcapall. Alpann Háidéas chuile rud siar ina bhéal ollmhór duibheagánach.

Rinne Dürer iliomad sceitsí le peann luaidhe, chomh maith. Ba luachmhar leis iad mar shínigh sé roinnt mhaith díobh lena mhonagram clúiteach agus chuir sé dáta leo. Ní hé sin le rá go raibh sé i gceist aige iad a dhíol mar thug sé a bhformhór dá dhlúthchairde. Tá tuairim is míle díobh fós ar marthain.

## Conclúid

Chomh maith le bheith ina phéintéir den scoth áirítear Albrecht Dürer ar dhuine de na déantóirí priontaí ab fhearr riamh. Rinne sé greanadh agus greanadóireacht adhmaid agus d'éirigh leis caighdeán a bhí beaguach dosháraithe a bhaint amach maidir le mionsonraí a chuid saothar.



Fíor 33.4 CEITHRE MHARCACH AN APACAILIPSIS, greanadh adhmaid, Albrecht Dürer, Kupferstichkabinett, Staatliche Kunsthalle, Karlsruhe, An Ghearmáin



**Ceisteanna**

1. Déan cur síos ar ghreanadóireacht adhmaid Albrecht Dürer agus rianaigh na fáthanna a raibh oiread sin measa orthu.

**Aiste**

1. 'Fear léannta ba ea Dürer a raibh mórán taistil déanta aige. Cé go bhfuair sé spreagadh mór in ealaín na hIodáile d'fhan sé dílis dá stíl agus dá pearsantacht féin.' Pléigh an ráiteas sin agus déan tagairt den tsraith féinphortráidí a rinne sé.

**Staidéar ar phictiúir dhaite**

1. Scrúdaigh an fhéinphortráid a rinne Albrecht Dürer agus é 28 bliain d'aois (fíor 33.3). Pléigh an pictiúr mar íomhá den diagacht. Déan cur síos ar na gnéithe neamhghnácha den saothar agus na tagairtí atá le Peiceáil ann.